

Filíocht Sheacaibíteach Phiarais Mhic Gearailt¹

BREANDÁN Ó CRÓINÍN

Dob é Risteard Ó Foghludha, nó Fiachra Éilgeach mar a thugadh sé air féin, a chéadchuir eagar ar shaothar filíochta Phiarais Mhic Gearailt sa bhliain 1905.² Ar chlúdach an eagráin seo tugtar le tuiscint gurbh é Piaras Mac Gearailt ‘an té ba cheannchomhairle ar Chúirt na mBúrdún’ agus dob fhéidir a rá gurb é seo an cháil is mó atá ar an nGearaltach go dtí an lá atá inniu ann. Tráchtann an Foghludhach cuid mhaith ar ghnó na cúirte éigse seo a bhíodh á tionól i mBarúntacht Uí Mac Coille, in oirthear chontae Chorcaí, ó lár na hochtú haoise déag ar aghaidh go dtí i dtreo dheireadh na haoise,³ agus níl aon dabht in aon chor ná go raibh seasamh agus stádas ag an nGearaltach i measc fhilí na cúirte sin fé mar a thugann Breandán Ó Conchúir le tuiscint in aiste leis ar chúirteanna éigse na Mumhan san ochtú haois déag. Is é atá le rá aige mar gheall ar an nGearaltach anso ná:

[gur] léir go samhlaítú ceannasaíocht agus údarás le Piaras Mac Gearailt i measc na bhfilí, an saghas údaráis a bhíodh ag an gceannfhile nó ag an Uachtarán sna cúirteanna éigse lena linn. ‘Árd-sirriam Leithe Mogha’ a thugadh sé féin air féin (agus ní ina chuid barántas amháin é) agus sin é leis a thugadh cuid eile de na filí air.⁴

Mar ‘Ard-Sirriam’ ar an gcúirt éigse seo is cinnte go raibh aithne ag Piaras ar roinnt d’fhilí móra a linne agus dealraíonn sé go mbíodh teangabháil aige le Seán

- 1 Tá an t-alt so bunaithe ar pháipéar a léas ag Dáil Thuamhan 2007 i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh, 7 Feabhra 2007. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Ollamh Breandán Ó Buachalla as Piaras Mac Gearailt a lua liom mar fhile gurbh fhiú staidéar a dhéanamh air agus as an abhar a phlé liom go ginearálta. Táim fé chomaoin ag an nDr. Diarmuid Ó Murchadha, leis, as cóip de léacht a thug sé ag tigh cónaithe an fhile sa bhliain 1992 a thabhairt dom. Gabhaim buíochas, chomh maith, le heagarthóir Gaeilge na hirise seo, An Dr. Lesa Ní Mhunchaile, agus leis an léitheoir anaithnid as dréacht den alt a léamh agus moltaí fiúntacha a dhéanamh.
- 2 Risteard Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt* (Baile Átha Cliath, 1905).
- 3 Breandán Ó Conchúir, ‘Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan’ in Pádraigín Riggs, Breandán Ó Conchubhair agus Seán Ó Coileáin (eag.), *Saoi na hÉigse: aistí in ómós do Sheán Ó Tuama* (Baile Átha Cliath, 2000), lch.69; cf. Risteard Ó Foghludha, ‘Cúirt na mBúrdún’, *Loch Léin* (Samhain 1903, lgh.87-8; Eanáir 1904, lgh.92-4) go háirithe lgh.87-8.
- 4 Ó Conchúir, ‘Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan’, lch.65.

Clárach Mac Dónaill, Tadhg Gaelach Ó Súilleabháin, Donnchadh Rua Mac Con Mara, Éamonn de Bhál, Liam Rua Mac Coitir, Éamonn Ó Flathartaigh agus Seán Ó Cuinneagáin i measc filí eile.⁵ Ach chomh maith lena bheith ina ‘Ard-Sirriam’, cuimhnímis gur fhile ab ea Piaras leis – file a d’fhág saothar substaintiúil filíochta ina dhiaidh.⁶ Bíodh sin mar atá, níl aon amhras ná go bhfuil faillí mhór déanta ag scoláirí na Nua-Ghaeilge ina shaothar go dtí seo mar is cinnte nár deineadh aon scrúdú ceart air fós, go háirithe mar leis an dteachtairacht shoiléir, pholaitiúil atá le fáil sna hamhráin Sheacaibíteacha a chum sé – idir aislingí nósúla agus amhráin pholaitiúla eile.

Is é aidhm an ailt seo, mar sin, ná scrúdú a dhéanamh ar na dánta polaitiúla a scríbh an Gearaltach i bhfianaise a bhfuil déanta de thaighde barántúil, údarach ar fhilíocht Sheacaibíteach na Gaeilge le blianta beaga anuas agus i bhfianaise a bhfuil d’eolas againn i dtaobh chúlra an fhile ó thaobh chúrsaí creidimh agus ó thaobh na polaitíochta de.⁷ Is dóigh liom gur féidir a áiteamh ar bhonn na fianaise a fhaighimid ina chuid dánta gur fhile Seacaibíteach go príomhdha ab ea Piaras Mac Gearailt.

Cúlra

I bparóiste Bhaile Mhacóda, atá i mbarúntacht Uí Mac Coille in oirthear Chorcaí, a saolaíodh Piaras Mac Gearailt sa bhliain 1709.⁸ Daoine gustalacha ab ea a mhuintir go raibh tigh mór acu i mBaile Uí Chionnfhaolaidh agus tailte réasúnta fairsinge acu sa dúthaigh chéanna go dtí deireadh na seachtú haoise déag. Dar ndóigh, dob iad na Gearaltaigh na tiarnaí talún ar an ndúthaigh seo go léir ag dul siar na céadta bliain ach chailleadar an chuid is mó dá gcuid tailte tar éis dóibh páirt a ghlacadh san éirí amach sa bhliain 1641 agus arís ag deireadh na seachtú haoise déag nuair a thógadar páirt an Rí Séamas i gCogadh an Dá Rí. Dar leis an bhFoghludhach gur dhaoine móra le rá, nó ‘daoine tréana’ mar a deir sé féin, ab ea a mhuintir ar an ndá thaobh: ‘Gearaltaigh Bhaile Uí Chríonáin i gCo. Chorcaighe 7 Paoraigh Chnuic a’ Leatharaigh i nDéiseachaibh Phort Láirge’. Ní raibh aon amhras, a dúirt sé, i dtaobh ‘cad é an sórt fola do rith i bhféithibh ár bhfileadh’.⁹ Dar leis go bhféadfaí ginealach Ghearaltaigh Bhaile Uí Chríonáin a

5 Daniel Corkery, *The Hidden Ireland* (Dublin, 1941), lch.286. Féach leis na filí a luaitear in Ó Conchúir, ‘Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan’, lgh.65-6.

6 Ocht ndán is daichead atá in eagar in Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, ach admhaíonn an t-eagarthóir ar chúl an leabhair go mbaineann cúig cinn díobh san le filí eile, lch.109.

7 Féach, go háirithe, Breandán Ó Buachalla, ‘Na Stíobhartaigh agus an tAos Léinn: Cing Séamas’, *Proceedings of the Royal Irish Academy*, 83 C (1983), lgh.81-134; idem, ‘Seacaibíteachas Thaidhg Uí Neachtain’, *Studia Hibernica*, 26 (1992), lgh.31-64; idem, *Aisling Ghéar* (Baile Átha Cliath, 1996); Éamonn Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause, 1685 - 1766* (Dublin, 2001).

8 Dealraíonn sé go raibh saol fada ag Piaras. Cheap Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.22 gur sa bhliain 1788 a cailleadh é ach tháinig sé ar an dtuiscint níos dhéanaí gur cailleadh é sa bhliain 1795. cf. Ó Conchúir, ‘Na Cúirteanna Éigse i gCúige Mumhan’, lch.79, n. 123.

9 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.2-3.

dhéanamh amach chomh fada leis an mbliain 1057 agus gur dheimnigh ‘ughdair léigheannta’ gur shíolraigh na Gearaltaigh seo ón gcéad Tiarna Déiseach agus Deasumhan:

Agus dubhairt Cearú, Uachtarán na Mumhan le linn Eilíse 7 Séamuis Rí (i nGeinealach Gearaltach do chuir sé fé dhéin Riaghaltais Shasana i mbl. 1599) gurab ó Éamonn Mac Gearailt, críon-mhac 7 oighre dleaghtach Mhuiris mhic Risteáird, an séamhadh Ridire, do shleachtuigh Craobh Bhaile Uí Chionnfhaolaidh, acht gurab ó’n dtarna mac .i. Nioclás, do shíolruigh an cineadh gur lean an tiodal dóibh ... Acht níor lughaide sinsireacht mháthar Phiarais, Máire Paor, inghean Phiarais Paor Chnuic a’ Leatharaigh. B’í Grás Ósbor ó Cheapaigh a máthair sin, deirbhshiúr an Ridire Tomás Ósbor a chongbhuigh Caisleán Leasa Mhóir i mbl. 1645 i gcoinnibh Iarla Chuain an Chaisleáin. Ridire do b’eadh athair na bPaorach soin, leis, Piaras Paor ó Charraig Uí Leidhin a bhí pósta le hEilís Baoighill, deirbhshiúr chríonna Risteáird an chéad Iarla Chorcaighe, an fear úd a bhí chomh áird-chéimeach soin ins na healadhntaibh 7 go bhfuil an tuamba greannamhar leis i seana-theampull Muire i nEochail. Baineann sé le deallramh gur de dheascaibh an chleamhnais seo do rinneadh Ridire d’fhear Charraige Uí Leidhin, mar ná raibh éan-“chos” le hainm a athar, cé go raibh le hainm a shean-athar, Nioclás Paor, dual-Bharún Dúna Fhóil, Tighearna Cille Miadáin, a bhí pósta le Sighle, inghean an Ridire Seaghán mac Gearailt Dhromanna, 7 chuaidh gaol Niocláis siar ar fad go dtí an Ridire Ribeárd de Poher a tháinig go hÉirinn leis an dtarna Hanraí I mbl. 1177.¹⁰

Pé ní a déarfaí i dtaobh shinsearachta na nGearaltach agus na bPaorach, is díol suime é an stair a bhaineann le glúin an teaghlaigh lenar bhain Piaras. Dob é Piaras an tarna mac is óige de chúigear mac a bhí ag Micheál Mac Gearailt (†c1736) agus bhí beirt deirféar aige. Is i gCadiz na Spáinne a cuireadh oideachas ar Phiaras agus ar a dheartháireacha áit go raibh uncail leis ina cheannaí fíona mór le rá agus dealraíonn sé go mbíodh mórán smuglála ar siúl ag na Gearaltaigh idir Éire agus mór-roinn na hEorpa sa seachtú agus san ochtú haois déag.¹¹ Tá an chuma ar an scéal ná raibh aon iontaoibh ag an athair as an mac ba shine, Réamonn, agus de réir uacht an athar ní bhfaigheadh Piaras an talamh ach amháin mara mbeadh an bheirt ba shine ná é sásta é a thógaint ar láimh. Fé mar a tharla cailleadh an bheirt sin sa bhliain 1753 – Micheál sa Spáinn agus Gearóid in Éirinn – agus ba sa bhliain chéanna a fuair máthair Phiarais bás leis. Phós Piaras Grás nó Caitlín Nic Giobúin timpeall an ama chéanna ach níor mhair an bhean so i bhfad in aon chor agus phós Piaras don dtarna huair. Ba í Eilís Ní Laidhléir ó Leac an Daire i bparóiste na Claise Móire, Contae Phort Láirge an tarna bean chéile agus bhí mac agus triúr iníon acu.¹² Dealraíonn sé, mar sin, go raibh Piaras thart ar dháichead a ceathair bliain d’aois nuair a fuair sé seilbh dhlíthiúil ar an dtigh mór agus ar an bhfeirm a bhí ag na Gearaltaigh i mBaile Uí

10 Ibid., lgh.2-3.

11 Risteárd Ó Foghludha, ‘Some Literary Worthies of Imokilly’, *Journal of the Cork Historical and Archaeological Society*, 50 (1945), lgh.139-40.

12 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.3-8; cf. Diarmuid Breathnach agus Máire Ní Mhurchú, *Beathaisnéis 1782-1881* (Baile Átha Cliath, 1999), lgh.67-8.

Chionnfhaolaidh agus is cosúil gur fhan sé go dtí go raibh an talamh fachta aige sarar phós sé. Mar is léir ón méid seo, níorbh aon spailpín fánach é Piaras Mac Gearailt agus níorbh aon mhúinteoir bocht i scoil cois chlaí é ach oiread. File an tí mhóir ab ea é, d'fhéadfaimis a rá. Is cinnte go raibh stádas ard sa tsaol ag na Gearaltaigh lenar bhain Piaras agus d'fhéadfaí a rá go raibh stádas pátrún acu, nach mór, i measc fhilí oirthear na Mumhan. Ní hamháin go raibh Piaras é féin ina 'Cheann Comhairle' ar Chúirt na mBúrdún in Uí Mac Coille ach, taobh amuigh de sin, is léir dúinn cén stádas a bhí ag na Gearaltaigh in aimsir Phiarais é féin nuair a léimid na línte moltacha a scrígh Eámonn de Bhál 'ar thréin-fhear (éigin) sa chomhursanacht', dar leis an bhFoghludhach:

Bráthair neartmhar na nGearaltach bhfíonmhar
Ba thréan i dtreasaibh ag treascairt a mbíobha
Saoithe solasta, sochma, do-chloíte
Do shíoladh a bhfolanna foirtile tríotsa.¹³

Ag dul chun Teampaill

Dealraíonn sé ná raibh Piaras i bhfad pósta, ámh, nuair a cuireadh iachall air 'a chóta a iompú' agus glacadh leis an bProtastúnchas d'fhonn a chuid talún a choimeád fé mar a mhíníonn sé féin in 'A Chogar a Charaid',¹⁴ amhrán atá againn ina láimh féin i lámhscríbhinn a bhreac sé sa bhliain 1769, tráth go raibh na trí fichid slánaithe aige.¹⁵ Níl aon amhras ná gur dán an-chumhachtach é seo ina labhrann an Gearaltach óna chroí amach agus is fuirist do dhuine an t-éadóchas agus an chráiteacht a bhí ag gabháil lastuas den bhfile, ní foláir, a shamhlú. Is le Tomás de Barra éigin ó Chluain Meala a labhrann Piaras anso toisc an Barrach a bheith ag casaoid leis, mar a deirtear sa cheannscríbhinn, 'de dheascaibh é bheith ag dul chun teampaill':

A chogair, a charaid, 's a Bharraigh is múinte méin,
Is doilbh liom ceangal le Cailbhin is Liútar claon,
Acht golfairt mo leanbh 's a gcreachadh gan triúch, gan tréad
Thug sruthanna óm' dhearcaibh 'na gcaisibh is túrlint déar.
Tá an donas le fada ar chlannaibh na n-úrsoth dtréan,
Dá stolladh, dá stracadh, dá ngreadadh is dá mbrú go faon;
Muna stopair-se, a athair ghil, bearta na mbúr, is baol
Gur follas go gcaithfidh gach seabhach bheith dubhach mar mé.¹⁶

Dar ndóigh, bhí mórán Caitliceach in Éirinn sa chruachás céanna ag an am san fé

13 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.3. Tá coigeartú agus normalú déanta agam ar na sleachta filíochta atá luaite san aiste seo tríd síos.

14 Ibid., lch.46.

15 Pádraig Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad, fascúl iii* (Má Nuad, 1966), lgh.22-28. Féach Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.10-11, mar a bhfuil cur síos suimiúil aige ar conas mar a tharla sé gur scrígh Piaras an lámhscríbhinn seo; cf. Breandán Ó Conchúir, *Scríobhaithe Chorcaí* (Baile Átha Cliath, 1982), lgh.27-8.

16 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch. 46.

mar a thugann Piaras é féin le fios i línte deireanacha an amhráin seo, ‘Scuit is cíos is íoc is greadadh clampair / Chuir na míllte dhínn-ne ag teacht chum teampaill’,¹⁷ agus gan dabht níorbh é an t-aon fhile Gaeilge amháin é a chuaigh ‘chun teampaill’ ach oiread:

Do dhein triúr file eile – Art Mac Cubhthaigh, Donnchadh Ruadh Mac Conmara agus an Mangaire Sógach an rud céadna, ach tá an difrigheacht so idir Piaras agus iad – gur chúrsaí grinn leó-san an t-atharrú agus gur cheapadar amhráin mhagaidh mar gheall air ach ba chúrsaí bróin le Piaras é [...].¹⁸

D’fhéadfaí a thuairimiú gur ghaibh Piaras chun teampaill don gcéad uair sa bhliain 1759 más iontaoibh linn iontráil shuimiúil sna ‘Convert Rolls’¹⁹ ón mbliain chéanna a thugann le fios gur iompaigh ‘Pierce Fitzgerald’ áirithe, go raibh seoladh aige i ‘Pillpark, Co. Waterford’ ina Phrotastúnach.²⁰ Dar ndóigh, is í an ainm cheart Ghaeilge ar an áit seo ná Páirc an Phoill atá trasna na teorann ó bhaile Phiarais i bparóiste na Claise Móire, Contae Phort Láirge – an paróiste gurbh as dá bhean chéile fé mar a chonaiceamar thuas.²¹ Tá gach aon tseans, mar sin, gurb ionann an Pierce Fitzgerald so agus ár bhfile agus gur ag maireachtaint i bParóiste na Claise Móire a bhí sé ag an am fiú amháin – é sin nó gur úsáid sé an seoladh áirithe seo ar chúiseanna eile ná fuil aon dul amach againn orthu anois.

Pé scéal é, más é Piaras Mac Gearailt, file, an té atá luaite anso is dócha gur bhraith sé brú á chur air ar feadh tamall de bhliantaibh roimhe seo chun iompú poiblí a dhéanamh; ní móide gur iompú de dhroim oíche ab ea é. Bheadh fhios aige, gan dabht, go raibh ar an té a bhí ag iompú ina Phrotastúnach a chruthú go mbeadh sé de réir dhlíthe na heaglaise sin ach, ar a laghad, fé mar a thug sé le fios sa dán thuas, bheadh ar a chumas greim a choimeád ar a ghabháltas:

[The Act] to ‘prevent the further growth of popery’ made it obligitory on converts from catholicism to protestantism to provide proof of conformity. A protestant, according to this Act, was a member of the Church of Ireland only. The legal disabilities in relation to property, professions, etc., imposed on the catholic by the Act, ceased to operate when he became a protestant [...].²²

Ar aon chuma, is féidir a bheith siúrálte de gur ghoill an t-eachtra so go mór ar Phiaras agus tá roinnt bheag dánta eile uaidh a thacaíonn leis an dtuairim sin. Tá teacht againn, mar shampla, ar dhán eile óna lámhscríbhinn féin ina dtugann sé le fios ná raibh sé i ndáiríribh in aon chor fén gcreideamh Gallda so ach gur

17 Ibid., lch.48.

18 Piaras Béaslaí, *Éigse Nua-Ghaedhíle: tráchas ar fhilibh agus ar fhilidheacht na Gaeilge ó 1600 go dtí 1850* (2 vols. (Baile Átha Cliath, n.d), ii, lch.170.

19 Cuireadh na liostaí seo ar bun fén Acht Parlaiminte a ritheadh i 1703 ‘to prevent the futher growth of popery.’ Féach Eileen O’ Byrne, *The Convert Rolls* (Dublin, 1981), lch.vii. Táim buíoch den Ollamh Ó Buachalla as an bhfoinse seo a lua liom.

20 O’ Byrne, *The Convert Rolls*, lch.102

21 Brainse Logainmneacha na Suirbhéireachta Ordanáis, *Logainmneacha Phort Láirge* (Baile Átha Cliath, 1991), lch.89

22 O’ Byrne, *The Convert Rolls*, lch.vii.

cuireadh iachall air glacadh leis. ‘Tréithe na Maighdine Muire’ a thugann Ó Foghludha ar an ndán so agus is é a deir an Gearaltach sa seoladh próis atá aige mar réamhrá leis ná:

Tá páirt nó roinnt den gCreideamh Sacsanamhail Liútaránach so do ghlac mé (agus ní mar rogha) ná taitheann liom, agus ’sé sin gan impidhe ar bith do chur chum Muire, Máthair Chríost, ná onóir, primhléid ná úrnaidhthe thaispeaint di agus dom’ bharamhail gurb í Muire

Bantiarna an Alla álainn aoibhinn ainglí;
Banríon na bhflaitheas;
Crann Soilse is Criostal na Críostaíochta;
Díontóir na bhfíor-lag;
Farraige na daonnachta;
Grianán na Glóire;
Gile, greann is garda na bhfíreán.²³

Agus leanann sé air agus an Mhaighdean á hadhradh aige: ‘péarla na glóire’, ‘réaltan eolais gach seachránaigh’, ‘Taca na bhFann’, ‘Lámhchóra na Lag’, ‘Ceannsú na nAchrannach’, ‘Sásamh an Bhreithimh’, ‘Tuile na nGrás agus Tonn Chlíodhna na Trócaire’ a thugann sé uirthi agus, ar deireadh, meabhraíonn sé dhúinn gur ar achainí Mhuire: ‘do rinne Críost an chéad mhiorbhuilt riamh, mar d’iompuigh sé an t-uisce chum a bheith ’na fhíon, agus, d’á bhrígh sin, guidhim go díograsach óm’ chroidhe gach Protestant do bheith ar éin-mheodhan i méinn, i dtuairim, in-intinn agus i -n aigne lé’.²⁴

Dála mórán d’fhillí na Gaeilge san ochtú haois déag scrígh Piaras aithrí phearsanta, ‘Sceithfead mo Chlaonbhearta’ nó ‘Aithrí an Ghearltaigh’, agus cé go bhfuil cuma fhoirmleach, nósúil ar an ndán so, go háirithe nuair a léimid i dtaobh iarrachtaí an fhile chun spéirmhná óga ‘a bhréagadh’ agus nuair a labhrann sé ar a thugtha is a bhí sé do ‘shaoltacht, do phóit is do mhallaíocht ghnáith’, fós deinim amach go bhfuil cuma na fírinne ar an scéal nuair a thráchtann sé ar an slí inar shéan sé ‘an t-aon chreideamh cóir’ fé mar a chímid sa tarna véarsa:

Ba shaothrach mé ag bréagadh na spéirbhruinneal óg
Le sméideadh, le póig, le bladair is le páirt,
Is gach n-aon aca ghéilleadh dom bhréagadh is dom’ mhóid
Ba dhéarach ’na dheoidh sin is dob’ ainnis é a gcáil;
’Na dhéidh sin mar shéanas an t-aon chreideamh cóir,
D’fhúig mé-si i ngéibheann, i bpéinbhroid ’s i mbrón,
Ag réabadh mo chréachta ’s ag spréachadh mo dheor
Chum Aon-Mhic na Glóire dom chabhair óm’ námhaid.²⁵

23 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.44-5.

24 Ibid., lch. 45. Tuairmíonn Corkery, *The Hidden Ireland*, lch.285, go bhfuil an nóta próis seo: ‘surely very naïve’, ach bheinnse den dtuairim gur seanbhlas atá anso againn seachas aon tsaontacht ar thaobh an Ghearltaigh!

25 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.42-4.

Ar deireadh báire, áfach, cuireann an file a dhóchas i nDia mar go dtuigeann sé go maithfear gach éinní dhó fé mar a maitheadh a gcuid peacaí do pheacaigh an Bhíobla:

Do shéan Peadar naofa thú, a Aon-Mhic na hÓighe,
Is níor éimhis 'na dheoidh sin air taitneamh is páirt;
'S an té chuir an ghéir-shleagh tréd thaobh gheal gan chóir,
Níor fhéadais gan Ghlóire do thabhairt 'na dháil;
'Nuair ghéill Magdaléna dod' naomhtheagasc chóir
Thug saorghean do mhéirdreacht, do chraos agus d'ól,
Do shaorais led' dhaondacht an naomhbhean, dar ndóigh,
Is céad peacach léi, agus an bhean ó Chanán.
Screadaim-se Íosa Críost 'gus ar Athair na nGrás,
Fuair peannaid ar spíonchrois, sceimhle, seachmall is fán,
Go maitear gach díomas, poimp is mallaíocht ghnáith
Dom anam gan teimheal ar dtigheacht do ghairm an bháis.²⁶

Is fiú an méid atá le rá ag Piaras Béaslaí mar gheall ar an ndán so a lua chomh maith:

Is follus gur lándáiríribh a bhí sé nuair do cheap sé an méid sin – rud nach féidir a rá i dtaobh formhór na “n-aithrige” do cheap filí Gaedhealacha na haimsire sin. Do bhí sé mar shaghas nóis aca “aithrige” do sgríobhadh ag fágaint slán le haer an tsaoghail. Is é an mothú is minicí bhraithimid ins na haithrighibh céadna ná, mórdháil as an saoghal aerach fiadhain a bhí caite acu nuair a bhíodar óg. Is annamh a bhraithimid nóta fíorchroidhe-bhrúghadh ionnta fé mar a gheibhimid i ndán Phiarais.²⁷

Má tá Piaras an-dóchasach anso go bhfaighidh sé féin maithiúnas ina chuid peacaí, go háirithe tar éis dó a chóta a iompú go poiblí, ní theastaíonn uaidh go maithfear an peaca áirithe seo do gach éinne eile. Tá roinnt dánta eile againn uaidh ina dtugann sé fogha fé dhaoine eile a dhein an rud céanna agus, toisc gur shagairt a bhí i mbeirt acu a d'iompaigh ina ministrí Protastúnacha, ba mheasa a gcás-san, dar leis. ‘Barántas do Dhiarmuid Ó hAirt’, is ea ceann amháin díobh, barántas a chuir Piaras i ndiaidh Dhiarmada Uí Airt, sagart a d'iompaigh ina mhinistir i gCorcaigh fé mar is léir ón réamhrá próis a ghabhann leis:

mhóidigh duine dona diabhláí droch-oinigh áirithe chum a bheith ina dheisceabal ag an ard-mháistir sin inár gcoinne .i. Lucifer, go mbeadh sé modhúil miochair milis omósach don Ochtú Hanraoi, do rígh Liam an Chóngais, d’Anna Bolaín 7 do mhóran eile de sna deamhanaibh, darb ainm 7 sloinne dhó Diarmuid Ó hAirt, do bhí tamall ina shagart paróiste thiar i gCairbreachaibh, tamall eile i gCarraig Tuathail fé thearmann Dhóchtúir dhiaga déarcach discréideach Mac Cionnaithe, Easpag Chluana, Chairbreach 7 Ruis.²⁸

26 Ibid., lgh.43-4.

27 Béaslaí, *Éigse Nua-Ghaedhilge ii*, lch.175.

28 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh. 2-3.

Dar le Piaras, níl i ndán do Dhiarmuid, mara ndeineann sé aithrí, ach tinte agus pianta síoraí ifrinn:

Mo thrua thu feasta, mura nglacfair mo chomhairle i dtráth
 'S mo thruagh t'anam bheith damanta i mbrón gan tábhacht
 Id' chuail bhocht caite fé leacaibh ag dreogadh go táir
 'S na sluaite deamhan dod' stracadh 's dod dhó de ghnáth.²⁹

Scrígh Piaras dán eile ina labhrann sé go díreach le Diarmuid, 'Chum Diarmuid Uí Airt', 'tar éis iompuighthe dhó 'na mhinistir ó bheith 'na shagart, – an tríú lá fichead de mhí na Nodlaig, 1774 [...]':

A Dhéarmuid! Is dubhach liom gur iompaís do chóta
 'S gur thréigis na húdair ba mhúinte is gur dhóis iad,
 Ó chlaonais le Liútar na drúise, bhris pósadh,
 Mar ghéilleadh don bPrionsa d'fhág smúit ar na slóitibh.³⁰

Chomh maith leis an ndá dhán so ar Dhiarmaid Ó hAirt scrígh Piaras aor fhada nimhneach ar shagart eile, an tAthair Seán de Paor, a d'iompaigh ina mhinistir Protastúnach leis. Sa dán so, 'Aor ar Sheán Paor', tugtar fogha fíochmhar fén bPaorach ón dtosach mar a bhfaightear an cur síos so a leanas air:

bráthair baoth, borb, leathroisc, d'Ord Naomh Agaistín, do thréigh is do tharcainnigh an tOrd rialta rathmhar beannaithe ina raibh sé agus atá anois ina mhinistir i nDún Garbhán fé ghúna dhubh, 7 gurab faide saoghal an ghúna ná saol a mhinisitir.³¹

Dála an fhir eile, ní cosúil go bhfuil aon tslánú i ndán don bPaorach:

Do rinnis neimhní de Chríost le'r saoradh
 Clann Adam uile ó thurrainn an daorbhreith.
 Cé ghlacfaidh do pháirt lá an bhráth ná dhéarfaidh
 Focal id' cháil Ó! A Sheáin, is baoghal duit.

Níor shagart tú acht spreallaire d'iompaigh brat,
 Thug an tAifreann ar radaireacht is ar phógadh ban;
 Nuair a bheidh eaglais go meanmnach ag Dia mór geal
 Beidh t'anamsa go hacarach ar theintibh cheap.³²

Murar leor an méid sin chun dearcadh Phiaraís ar na cúrsaí seo a thuiscint tá cúpla véarsa eile uaidh, 'Ar bhás Dhochtúir de Barra' áirithe 'a d'iompaigh chun teampaill i bhfad roimh a bhás 7 do fuair bás ar an stáid sin'. Arís, níl i ndán don bhfear so a d'athraigh chun an chreidimh ghallda ach an bás – idir anam is chorp:

29 Ibid., lch.77.

30 Ibid., lch.48.

31 Ibid., lch.78.

32 Ibid., lch.83-5.

An marbh so féach, mo léan, nár smachtaigh a thoil,
Marbh do thréigh Mac Dé, is mar Pheadar níor ghoil;
A mharbh ní héacht san méid do mharbh níor bhocht,
'S gur marbh é féin mar aon idir anam is corp.³³

Na Nua-Uaisle

Is deimhnitheach, mar sin, ná raibh aon ghrá ag Piaras don bProtastúnachas agus ná raibh i gceist aige agus é ag dul chun teampaill ach taispeántas poiblí. Is ina chuid filíochta Gaeilge atá teacht againn ar a dhearcadh ar chúrsaí creidimh agus, dar ndóigh, ar chúrsaí polaitíochta chomh maith, fé mar a chífimid. Ní dóigh liom go bhfuil aon cheist fén ndrochmheas a bhí aige ar na sagairt úd a ghlac leis an bProtastúnachas ach oiread ach má tá sé soiléir go raibh an ghráin dearg aige ar an gcreideamh gallda caithfear ceist a ardú mar leis an ndearcadh a bhí aige i dtaobh na nua-uaisle Protastúnacha i gCorcaigh. Arís eile, faighimid éachtaint an-suimiúil ar an dearcadh a bhí ag an nGearaltach ar na nua-uaisle seo ina chuid filíochta agus chímid go nochtann sé a thuairimí ina dtaobh go neamhbhalbh i gcomhfhreagrú fileata idir é féin agus Domhnall Ó Murchadha.³⁴ Bhí Ó Murchadha 'dá chomhairliú do Ghaedhalaibh gan dul in éadóchas ar Dhia 7 cé gur cruaidh é a gcás, go bhfóirfeadh ortha uair éigin' mar, fé mar a deireann sé:

Sé d'fhógair slóite na ndiabhal amach;
Sódom agus Gómor is iad do leag;
Ní mó leis-sin feóirlinn cia dian an bhraith,
Ná Bródraic do sheóladh 'na ndiaidh, is Crofts.³⁵

'Beirt den uaisle nua a bhí i gCorcaigh'³⁶ ab ea Broderick agus Crofts agus 'dís dob ea iad do bhí comhachtach éigeach chum Gaeil 7 eaglais Chríost do cheannmhúchadh'.³⁷ Dar le Piaras, ba ghnáthach le Broderick a bheith:

ag briseadh 7 ag leagadh sean-cheall 7 teampall, agus ag déanamh fallaí iothlann,
stáblaí 7 luibh-ghort dá gclochaibh coisrigthe. Ar an adhbhar sain, dubhradh leis
gan stad d'éis a bháis 7 do ceangladh do leac a thuamba na focail seo mar leanas:

Treascair, a líog is cloígh an dlíodóir cam
An feannarthach feill is choíche an millteoir ceall.
M'atuirse chroí gan fuíoll dá maireann beo 'ed shamhail
In Aiceron thíos i dteinntibh scriosta teo ag deamhain.

Coingibh, a chloch, go docht go gcuirfidh an diabhal lámh
'San bhfreannach bhorb chrosta mhilleadh cliar cháidh;
Ní thuigim i gCorcaigh i gcroich go dtuitfeadh trian cháich,
Dá bhfeiceadh do chorp tá i bhfogus dá fhichid bliain bás.³⁸

33 Ibid., lch.94. Féach leis O' Byrne, *The Convert Rolls*, lch. 56, mar a dtugtar le fios gur iompaigh Dr. Joseph Barry ó Mhala, Co. Chorcaí ina Phrotastúnach sa bhliain 1763. Ní fheadar an é seo an dochtúir atá á cháineadh go míthrócaireach ag Piaras sa dán nimheach so?

34 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.90-1.

35 Ibid., lch.91.

36 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.309.

37 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.91.

38 Ibid., lch. 91.

Is díol suime é a chosúlacht atá an t-amhrán so le ‘Taiscíd a Chlocha’, aor bhinbeach agus nimhneach a scrígh Seán Clárach ar thiarna talún, Séamus Dawson, tar éis bháis dó agus is léir ón gcéad rann ar aghaidh go raibh an dearcadh céanna ag lán na beirte acu – ag Seán Clárach agus ag Piaras – i dtaobh na dtiarnaí talún gallda so:

Taiscíd a chlocha fé choigilt i gcoimeád chriadh
An feallaire fola 's an stollaire Dásan liath,
A ghaisce níorbh fhollas i gcogadh na gcath le gliadh
Acht creachadh 's ag crochadh 's ag coscairt na mbochtán riamh.

Seo an t-áras 'na bhfuil Dáson fé leacaibh sínte
A chuir táinte le fán is do chreach na mílte
D'fhág mná bochta is gárlaigh ag taisteal tíortha
Guím sáite go bráth tú ot' lascadh i dteintibh.³⁹

Tá gach seans ann, dár ndóigh, go raibh Piaras fé thionchar aor nimhneach Sheáin Chláraigh nuair a scrígh sé a chuid línte féin ar ‘Bródraic’ agus Crofts ach ní thógann san puinn ón searbhas agus ón mbinb mhillteach atá le braistint ar na línte seo agus, má shamhlaítear seicteachas leis an ndearcadh a nochtann Piaras anso, níl aon amhras ná go raibh an dearcadh céanna le fáil go coitianta i measc aos léinn na Gaeilge san ochtú haois déag fé mar a léiríonn Breandán Ó Buachalla:

An drochmheas a nocht Conchúr Ó Briain is Diarmuid Ó Súilleabháin araon ar Brodrick, Crofts is Evans, b'in tuairim choiteann an aosa léinn trí chéile ar an uaslathas nua a bhí tagtha in ionad na huaisle dúchais; dream aineolach, gan suim sa léann ná san fhilíocht acu, aicme uiríseal nach raibh iontu ach ‘ceannaithe caola an chnuais’, mar a thug Aodh Buí Mac Cruitín orthu. ⁴⁰

Go bunúsach, ba é ba chúis leis an ndearcadh seicteach so i measc fhilí na Mumhan ná go raibh tailte agus áitribh na nGael ar fuaid na Cúige á dtógaint ag na huaisle Protastúnacha seo ón seachtú haois déag ar aghaidh agus, d'fhéadfaí a rá, agus a chuid filíochta mar fhianaise againn, go raibh an Gearaltach chomh seicteach ina dhearcadh le héinne eile des na filí aitheantúla in ainneoin nó toisc, b'fhéidir, go raibh air an creideamh gallda a chleachtadh go poiblí.⁴¹

Ba dhóigh leat ar an gcéad éachtaint, áfach, go bhfuil malairt poirt á sheimint aige in amhrán eile dá chuid, ‘Squire Geal Freeman’ agus na fáiltí geala á gcur

39 Risteárd Ó Foghludha, *Seán Clárach* (Baile Átha Cliath, 1932), lgh. 95-6.

40 Féach Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lgh.310-11.

41 Féach Louis Cullen, ‘The Hidden Ireland: Re-Assessment’, *Studia Hibernica*, 9 (1969), lgh.7-47. Dar le Cullen, ba é ba chúis leis an seicteachas i bhfilíocht na Gaeilge san ochtú haois déag ná ‘the aristocratic concern with the replacement of the old landed class by a new one, English and Protestant’ ach is deacair dom aontú leis nuair a deireann sé: ‘strong or bitter though the language used was, the repetition of the theme in similar terms suggests that its use was to a large extent conventional’.

roimh dhuine des na Protastúnaigh chéanna seo aige. Ní fhágann sé fuíoll molta ar Freeman anso:

Fáilte, a phréimh de bhláth na gceabh, i dtráth go hÉirinn aoibhinn;
Fáilte, a scéimh atá gan bhéim, mar ghnáth-ghnaoi déithe chítear;
Fáilte, a chléirigh dáimhe is éigse – fuair ó bhéithibh fíor-ghean;
Fáilte is céad, le páirt uaim féin, don sárffhear Squire Geal Freeman.

Fláith gan ghruaim do b'fhearra cáil
Fuair barr is buaidh i measc gach dáil
I ngradam uasal sona sámh
Is i bhfás do chruaigh mo laoch mear.⁴²

Ag deireadh an dáin dealraíonn sé go bhfuil sé ag moladh shinsir Freeman go crannaibh na spéire toisc go bhfuil laochra móra na nGael cloíte acu:

Is dlúth i ngaol dó na ruirigh is tréine, is fuiris léamh 'na ghnúis dhil
Gur fáisceadh é ar ard-fhuil laoch, ba ghnáth i réim i Lúndain;
Ardfhuil Charey chráigh na laochra, Barraigh, Paoraigh, Búrcaigh,
'S na táinte laoch do thrial ón nGréig lé'r cuireadh an Trae fé chúngais

Ríthe ceart de cheannas Laighean
Faoiteach, Crosby, Hazzard, Synan,
Siúd iad sinsear sleachta is deimhin
An táin ó'r shíolraigh an laoch mear.⁴³

Ach tá sé le tuiscint roimis seo, ón dtarna cuid den ndán, gur aor ar na Gaill atá ar siúl ag Piaras anso agus is léir cén teachtaireacht pholaitiúil atá aige dos na Gaeil chomh maith:

Is cásmhar sinn gan spás fé chíos, go cráidte cloíte ciúin bocht
Gan dán, gan píb, gan trá na dí, go ndéanmais tír go súgach;
Ó tharla arís thar saíle an saoi, ráib d'fhuil ghroí na n-úrfhlaith,
Sin gartha 's teinte cnámh, is fionta 'á dtál feadh mí 'san dúthaigh.⁴⁴

Is fuirist a dhéanamh amach gur theachttaireacht shoiléir pholaitiúil – teachtaireacht an tSeacaibíteachais – a bhí anso ag Piaras dá lucht léite agus dá lucht éisteachta agus má tá an teachtaireacht seo beagáinín beag doiléir do léitheoirí an lae inniu d'fhéadfaimis a bheith siúrálte de nach mar sin a bhí in aimsir Phiarais agus, pé scéal é, níl aon dabht in aon chor i dtaobh na teachtaireachta polaitiúla céanna atá le fáil sna dánta 'aitheanta' Seacaibíteacha dá chuid atá ar marthain againn – idir aislingí agus dánta eile.⁴⁵

42 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.56.

43 *Ibid.*, lgh.57-8.

44 *Ibid.*, lch.57.

45 Is cosúil go raibh dánta débhríocha den tsaghas so á gcumadh go minic ag filí Seacaibíteacha na Gaeilge, agus ag filí Seacaibíteacha an Bhéarla leis, fé mar a thugtar le fios in Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.293.

An File Seacaibíteach

Tá cúig cinn d'aislingí polaitiúla tagtha anuas chughainn ó pheann Phiarais fara sé cinn de dhánta polaitiúla eile gur féidir linn 'amhráin Sheacaibíteacha' a thabhairt orthu.⁴⁶ Cé ná cuimsíonn aon cheann des na hAislingí seo dar scrígh Mac Gearailt móitífeanna uile na 'hAislinge Clasaicí',⁴⁷ fós níl aon amhras ná gur aistí tábhachtacha filíochta iad a chuireann go mór lenár n-eolas, ar fhilíocht Sheacaibíteach na Gaeilge go ginearálta, agus ar dhearcadh polaitiúil an Ghearlaigh go háirithe. Má fhéachtar ar na haislingí seo, agus ar na dánta polaitiúla eile, ina gceann is ina gceann, faighimid éachtaint an-suimiúil ar aigne an té a chum iad agus ar chlaonta polaitiúla na haigne sin. Dála fhilí Seacaibíteacha eile na Gaeilge, ní fhágann an Gearaltach aon amhras orainn riamh i dtaobh fheidhm pholaitiúil na ndánta so trí chéile, dá chomónta, nósúla iad ó thaobh friotail, móitífeanna agus íomháineachais. Aisling an-bhreá ar fad is 'An Gheallúin', cuirim i gcás, ina gcasann 'bé a bhí péalach cailce' ar an bhfile agus é ag déanamh a mhachnaimh ar chruachás na nGael:

Ar maidin inné is me ag déanamh machnaimh
 Ar Ghaelibh 's mar a leagadh a gcairde
 Do casadh liom bé bhí péalach cailce,
 Maordha, maisiúil, mnáúil.
 Bhí a reamhar-roisc réidh 's a scéimh mar eala,
 A béal, a leaca, 's a báinchnis
 Mar shneachta ar chraobh tré chaor ag lasadh
 'S í ag déanamh aitis is áthais.⁴⁸

Is léir ó chaint na spéirmhná so go bhfuil dea-scéal – scéal iontach – le hinsint aici. Tá na dea-chomharthaí le feiscint timpeall orthu, dar léi, agus ní fada go mbeidh a laoch ag filleadh ar an mbaile:

Tá lasadh ins an spéir, is an ghréin gan scamall
 'S an ré go neartmhar, neamh-scáthach;
 Tá binneas na n-éan i ngaorthadh an ghleanna
 'S tá an long go magúil ceáfrach;
 Tá'n fharraige thréan gan fraoch, gan fearg,
 'S an ghaoth go taitneamhach páirteach;
 'S gairid dúinn téarnamh mo laoch abhaile
 Ag éileamh sealbh gan spléachas.⁴⁹

46 Sid iad na cúig cinn d'aislingí a chum Piaras: 'An Gheallúin', 'Séarlas Grof', 'An Caol Druimeann Óg', 'Cormac Óg', agus 'Mór Chluana'. Tuairimíonn Corkery, *The Hidden Ireland*, lch.286, ná fuil iontu so ach 'a handful of the many of them he scattered from him' ach ní heol dom go bhfuil aon aisling eile dá chuid ar marthain i lámhscríbhinní na Gaeilge. Cé go bhfuil an aisling 'Duan na Saoirse' in eagar i measc dhánta Phiarais is cinnte gurbh é Seán Llyud a chum í sin mar a admhaíonn Ó Foghludha é féin in *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.109. Bíodh sin mar atá, luaitear an Gearaltach mar údar an dáin go minic, féach Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause*, lgh.209, 344.

47 Féach an cur síos ar aislingí máistriúla Eoghain Ruaidh Uí Shúilleabháin in Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lgh.577-581.

48 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.35.

49 Ibid., lch.35.

Cé go bhfuil na Gaeil i ndrochstaid le fada an lá, beidh an laoch so ‘gan ainm’ ag teacht chun ‘gach péin agus ceasna’ a réiteach dóibh:

Is fada fé dhaor-smacht laochra Chaisil
 I ngéibheann ghalair gan chairdeas
 Gan talamh taobhacht réim ’ná caise
 Fé dheachtadh danar gan áthas,
 Dá gcartadh, dá gcreimeadh, dá gcéasadh is dá ngearradh,
 Dá séideadh thar caladh ’na dtáintibh;
 Is geallaim go réidhfídh laoch gan ainm
 Gach péin agus ceasna atá orainn.⁵⁰

Is aoibhinn leis an bhfile an scéal so, gan dabht, agus, murab ionann agus an spéirbhean, níl aon leisce air an laoch a ainmniú:

Tosach mo shaoil gan bhréag do chaitheas
 Im’ réic, is cuireadh chum fáin mé;
 Seal eile ag bréagadh béithe ’s ’á mealladh
 Le claon-chuir cleasa na máine.
 I gcaitheamh mo shaoil go léir níor radadh liom
 Scéal níos aite le háireamh
 ’Ná taiscéaladh Shéarlais féin i ngradam
 ’S ag léir-scrios gallaibh as Clár Luirc.⁵¹

An scéal céanna, cuid mhaith, atá againn in ‘Séarlas Groí’, áit go bhfeicimid an file ina aonar arís, é ar bharr cnoic ‘ag déanamh leanna’ agus a smaointe ‘go déarach ar chlaonadh is chreachadh Chláir Luirc’. Ní fada ina aonar é, áfach, nuair a shuíonn ‘brídeach mhaiseach mhánla’ ‘de shíolradh Cais’ ina aice. Fiafraíonn sé dhi cé hí féin:

Aithris uait féin dam
 An tusa an ainnir Áinbhle
 Do chuir chum fáin ár Séamas
 Ár récs agus a chairde?⁵²

Ach má tá na Gaeil in umar na haimléise, ní uirthi-sean atá an locht, agus, arís, fágann sí teachtaireacht dhóchasach, mhisniúil ag an bhfile:

Ní mise scar lem’ chéile
 Ná thréig mo chara páirte
 Ná gaibh le Gallamhéirleach
 In ionad flaith mo chairde.
 Do sheasas dó le tréimhse
 Mar ghallóglach ar gárda
 Do thuit mo chlann ’na gcéadtaibh
 Is d’fhág san Sacsain carnadh.’

50 Ibid., lch.35-6.

51 Ibid., lch.36.

52 Ibid., lch.38.

Do labhair sí go ciúin liom
 Is dúirt i laoithibh séimhe
 ‘Tá cóip ag teacht thar triúch chughainn
 Chum réidhteach ar ár ngéibheann.⁵³

Is é an file é féin arís a ainmníonn an slánaitheoir anso; deireann sé linn go neamhbhalbh gurb é ‘Séarlas Groí’ a bheidh ag teacht chun fóirithint ar na Gaeil:

A bhruinneal bheacht na Fódla
 Is suíte cló ’s is cáibhneach,
 Is milse liom do ghlór-sa
 Ná ceolta crot is cláirseach,
 Do bhréithre grinn is éacht do ghnímh
 Is scéala críche is airde.
 Ar dteacht thar toinn do Shéarlas ghroí
 Gheobhaidh céad is míle fáilte.⁵⁴

Is i ‘mothar ghlas coille’, ‘roimh mhúscailt do Phéabas chum seoil’, a chastar an spéirbhean ar an bhfile i bhfoirm banaoire bó agus í ag casadh ‘An Caol-Druimeann Óg’. Deintear cur síos ar áilleacht na spéirmhná so ina dhiaidh a chuirfeadh Eoghan Rua Ó Súilleabháin i gcuimhne do dhuine agus é go maith ós cionn a bhuille:

Ba bhacallach camarsach péarlach
 A carnfholt craobhach ’na dheoidh,
 Go snadhmannach srathannach dréimreach
 Ag tuitim ’na chéibh léi go feor;
 A braoithe mar shíoda ’s a héadan
 Gan teimheal is gan éalaing i gcló;
 ’S í thíos an inse ag aodhaireacht
 Gan suim acht ’na Caol-Druimeann Óg.⁵⁵

Leanann an gnáthgallamh aislingiúil an tuarascáil bhreá so agus, tar éis don bhfile a bheith ag fiafraí dhi i dtaobh ‘a hainm, a héileamh ’s a cló’, tugann an bhé le fios gurb í ‘Éire bhocht na Stíobhart’ í agus fagann teachtaireacht dhóchasach, spreagúil ag an bhfile ina dtugann sí le tuiscint go bhfuil Seoirse ‘breoite’, go bhfuil cabhlach ag teacht ón bhFrainc agus go mbeidh sláinte ‘cathmhaor na hÉireann’ á hól in Éirinn:

Ní haon acu ar aonchor dár mhaoidhis mé,
 A shéimhfhile ghrinn oinigh chóir,
 Acht Éire bhocht chéasta na Stíobhart
 Is éist liom go n-insead mo sceol:
 Go mbeidh daor-ghruig an éithigh ’s an aimhlis
 Dá dtraochadh ’s dá ndíbirt sa bhfómhar,

53 Ibid., lch.38.

54 Ibid., lch.39.

55 Ibid., lch.39. Rud nua, dar le Béaslaí, ab ea é gur bhanaoire bó a bhí i spéirbhean na hAislinge seo; cf. Béaslaí, *Éigse Nua-Ghaedhilge ii*, lch.174.

Is na céadta beidh fém' bhun sa trínse
Ag réabadh na díge is dá rómhar.

Beidh cobhlach on bhFrancach ar thréanmhuir
'S is cobhsach sinn féin ag cur leo!
Beidh doghraing thar dohartha le meath-phoic
Dá gcaitheamh ar aol-bhrogaibh teo.
Beidh eagla an anaithe ar bhéaraibh;
Tásc do gach aon-fhear mo sceol
Gur gairid dúinn cathmhaor na hÉireann
'S a shláinte gach féile dá hól.⁵⁶

Sínte cois leasa atá an file agus a 'smaointe ar mearbhall' nuair a bhuaileann sé leis an ainnir álainn ag tosach na hAislinge go dtugtar 'Cormac Óg' uirthi. Is é 'Cormac Óg', ainm eile ar Shéarlas Eadbhard gan dabht, an laoch atá á shaighdeadh chun gnímh ag an ainnir álainn san aisling seo tríd síos:

Múscail a Chormaic churata chróga;
Scaoil ár nglasa le lúth do ghéag;
Gléas go hobann ort clogad is clóca,
Claíomh chum díoltais is fuinneamh 'na dhéidh!
Do gheobhaidh thu féd' shliasta gan iarraidh, gan dearmad,
Gillín fé shrian is diallait airgid;
Fachtar an fia agus tugtar abhaile é,
Is gearrfam na beanna den ngallaphoc mhéith.

Beidh binne-cheol adhairce le meidhir i mBanbain;
Beidh gearradh na ngadhar tré choilltibh Alban;
I mullach Chnoic Sí beidh rince is bachaire,
Ag cur fáilte abhaile roimh chara na gcléir.

Beidh ár gcléir go seasmhach talamhach tóiceach
'S níor mhíse leo Seoirse do thuitim le béim;
Beidh cor-bhodaigh torachta is tuilleadh acu dreoite
Is Cormac Óg i gCaiseal fé réim.

Is dona ár sceol 's is brónach doilbhir
Le gainne go dealbh ag treabhadh na cré,
'S an sodalach Seóirse i gcóiste soilbhir
Is ceol dá spreagadh dhó i dtúis gach lae.
Tiocfaidh an Spáinneach go táirpeach acmhainneach,
Is cuirfidh an Francach scannradh ar an Sasanach;
Ba bhinne liom súd ná diúgadh baraille
Táim-se im' chodladh nó is fíor mo sceol.⁵⁷

San aisling cheolmhar dár teideal 'Mór Chluana', braithimid atmaisféar ósnádúrtha ó thosach deireadh. Is ina luí ar a leabaidh a chímid an file nuair a chastar an spéirbhean aislingiúil air:

56 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.40-1.

57 *Ibid.*, lgh.36-7.

Trém aisling aréir is mé 'm' luí ar mo leabaidh
Do dhearcas lem' thaoibh an ríbhean chailce;
Bhí luisne sa mhnaoi ba gheanúil gnaoi,
Is gile ag teacht tríthi de dhroim an tsneachta.⁵⁸

San agallamh a leanann an tionscaint seo, fiafraíonn an file dhi cé hí féin; ní fheadair sé an í Deirdre 'tré'r traochadh Clann Uisnigh' í nó an í Céarnait is ainm di 'nó an bhruinneall ón nGréig' nó:

An tusa Tétis ó thaobh na tuinne
Nó an tú Hébe do thréig a cumann,
Nó Doireann na séad do tháinig ón Réachoill,
Nó Aoibhill aerach ó thaobh na Craige?⁵⁹

Is díol suime an freagra a thugann sí air: ní héinne dhíobh san uile í ach Mór Chluana nó 'bean sí na nGearaltach', mar a deireann sí féin:

A óigfhir shéimh, is baoth do labhairt:
Ní ceachtar dhíobh mé den méid do chanais;
D'achtas lem' ré, cé gur dheacair liom é
Gan m'ainm do léigeadh d'aon dá maireann.

Óch go cruaidh! Mo bhuairt! Mo dhanaid!
An tusa Mór Chluana, mar a luaitear t'ainm?
Tabhair dam tuairim is ná fág me ar buaireadh,
Ar lorg do thuirisc' go truaighe, faid mhairfead.

Is cruinn do thuairim, a shuaircfhir ghasta:
Is mise Mór Chluana is luafad feasta
Gur mé bean sí an leasa so thíos
Na nGearaltach ngroí do bhíodh i gceannas.⁶⁰

Ní luann an bhean sí go bhfuil Séarlas Óg ná aon tslánaitheoir eile le teacht ach tugann sí le fios, mar sin féin, nach gá don bhfile bheith éadóchasach:

Ar n-imeacht di uaim d'fhág bua is beannacht,
Is dubhairt, dom ' dhúiseacht suas gan fealladh,
'Ní bheir-se gan dualgas in ionad do dhuanta,
'S ní heagal duit bualadh ón slua ná mealladh.⁶¹

Dob fhéidir a rá, gan amhras, ná fuil na haislingí seo atá againn ó pheann an Ghearltaigh le háireamh i measc na n-aislingí ab fhearr nó ab ealaíonta ón ochtú haois déag. Ag an am gcéanna, áfach, is deacair iad a lochtú ó thaobh na teachtaireachta atá le fáil iontu – teachtaireacht shoiléir an tSeacaibíteachais – agus níl aon amhras in aon chor ná go gcaithid solas ar an gcreideamh polaitiúil a

58 Ibid., lch.31.

59 Ibid., lch.32.

60 Ibid., lch.32.

61 Ibid., lch.32.

bhí ag an nGearaltach agus ar an dteachtaireacht shoiléir a bhí á cur ina luí aige ar a lucht léite/éisteachta.⁶² Tá tábhacht nach beag ag baint leo, dá bhrí sin, mar dhréachtaí staire agus polaitíochta agus is díol suime é, dar liom, a dhearfaí agus a dhóchasáí atá teachtaireacht an tSeacaibíteachais i ngach aon cheann acu. Gan dabht, baineann dóchas na teachtaireachta go minic lena raibh ag titim amach ó thaobh na polaitíochta sa tréimhse inar cumadh na dánta so fé mar a chífear ar ball beag.

I dteannta na n-aislingí seo, áfach, scrígh an Gearaltach sé cinn de dhánta polaitiúla eile ina bhfuil an teachtaireacht Sheacaibíteach le fáil chomh láidir céanna iontu. Is sna dánta nó sna hamhráin seo is fearr, dar liom, a chímíid go soiléir an t-ardmhianach a bhí ann mar fhíle. Gan amhras, bhí dánta reibiliúnacha a cumadh i seánraí eile seachas aislingí coitianta go maith san ochtú haois déag:

Chuir an Aisling [...] foirm fhoirmeáilte liteartha den reitric Sheacaibíteach ar fáil i seánra áirithe; bhí an reitric sin á cur ar fáil i seánraí eile chomh maith i bhfoirmeacha éagsúla. Cuid de na dánta is ceannaircí polaitiúla ag na filí aitheantúla, ag Liam Inglis, Seán Clárach, Seán Ó Tuama, is filí eile, cuirim i gcás, ní aislingí iad ach fós cuimsíonn siad, chomh héifeachtach ealaíonta céanna, an reitric Sheacaibíteach.⁶³

Níl aon cheist, dar liom, ná go bhféadfaí ainm Phiarais Mhic Gearailt a chur leis an liosta filí seo agus níl aon amhras, ach oiread, ná gur féidir cuid des na dánta ceannairceacha, reibiliúnacha so a áireamh i measc scothdhánta nó scothamhráin Sheacaibíteacha na hochtú haoise déag. Más ag caoineadh seanlaochra na nGael ón seanchas agus ón stair, ‘uaisle Gael do b’fhearra’, atá sé in ‘Monuar mar d’éag na fearaibh’, tá dóchas ann i gcónaí go dtiocfaidh an chabhair go bhfuil súil ag an éigse leis ó mhór-roinn na hEorpa:

Tá an Spáinn go huamhal ag freagairt, ’s is dána an chúis le tagairt
Sás na dtrúp do tharraingt go bráth chum an scéil,
’S a n-árthaí dúnta daingean lán de thogha na bhfear
Láidir uamhal chum catha, ráibchoin gan bhéim.

Táid éigse ag guí le tamall réabadh thíos ar Ghallaibh,
Traochadh is sceimhle is scaipeadh i gCláir Luirc is Néill,
Is Gaeil a chíonn, cé fada, a ndaorbhroid díobh ’s a gceasna,
Ag teacht arís i ngradam áibhéil ’na ndéidh.
Níl sceimhle dhíobh ná cleachtann Cré do ríomh ná Paidir
Ná traochfaimid i gceasnaibh báis agus éag:
’S is fearr le maíomh sin, measaim, ná ráite baois’ an raiste
Seán Ó Duibhir an Ghleanna ag trácht ar a ghéim.⁶⁴

62 Féach Pádraig A. Breathnach, ‘Oral and written transmission of poetry in the eighteenth century’, *Eighteenth Century Ireland*, 2 (1987), lgh.57-67, mar le cuntas ar sheachadh na filíochta san ochtú haois déag.

63 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.596

64 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.29-30.

Cé nár cheap Piaras Béaslaí go raibh a lán de dhánta an Ghearaltaigh le moladh, ó thaobh na healaíne de ach go háirithe, bhraith sé go raibh ‘binneas agus éifeacht’ i gcuid acu agus, dar leis, gur cheann ‘neamhchoitianta’ ab ea ‘Seán Ó Dí’ – ‘leasainm ar an nGall ar nós “John Bull”’ fé mar a mhíníonn sé dhúinn.⁶⁵ Ceann d’amhráin mhóra na Mumhan is ea ‘Seán Ó Dí’⁶⁶ ach, más álainn ceolmhar linn é mar amhrán, is cinnte nach aon bhaothdhóchas atá laistiar de:

Níor ghéilleas riamh do ráitibh
File, fáidh nó draoi
Go bhfuair an bhulcán gránna
Bhénus bhreá mar mhnaoi,
Nó go bhfaca péarla an bháinchnis
Le toil a cairde gaoil
Gan rogha nó malairt árais
I bhfochair Sheáin Uí Dhí.

Ní ghéillim nach sprid námhadach
Do tháthaigh dlúth an dís
A chuspóir pheacaigh Mhámoín
'Na measc, mo náire! Bhís!
'Mopso Nysa Datur'⁶⁷
Is fíor an ráiteacht í
Ó fuair an stuaire d'ábhar
Fear mar Sheán Ó Dí.

Dá mba fhear mar chách me
'S gur mhaith mar cheard liom í
Do throidfinn seal mar Mhárs di
'S do ghráfainn í óm' chroí;
Ó 'sé do bhreogh 's do chráigh me,
Is d'fhág me támh gan bhrígh
Ár gceirtlín shneachtaidh mhná bheith
'na Tráill ag Seán Ó Dí.⁶⁸

Má bhraithimid go bhfuil deireadh an dáin áirithe seo beagáinín éadóchasach is cinnte go bhfuil dóchas láidir le braistint ar fhormór mór na n-amhrán polaitiúil eile a scríbh Piaras. Amhrán corraitheach misniúil is ea ‘Bua na nGael’, cuirim i gcás, agus níl aon amhras ná go bhfuil fuinneamh agus dóchas an fhile le braistint ar gach aon líne de:

65 Béaslaí, *Éigse Nua-Ghaedhilge ii*, lch.172.

66 Féach Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.605. Tá an t-amhrán so ar eolas ag cuid mhaith de lucht na Gaeilge inniu ó amhránaíocht Niocláis Uí Thóibín, gan dabht: féach an dlúthdhiosca Niocláis Tóibín, *Rinn na nGael* (Gaillimh, 1999).

67 Bhí cur amach ag an nGearaltach ar an litriocht chlasaiceach, ní foláir, mar fuair sé an líne seo as *Eclogues* Virgil (VIII) ina bhfuil cur síos ar phósadh mí-oiriúnach. Seo mar a théann na línte sa bhunsaothar: ‘Mopso Nysa datur: quid non speremus amantes? iungentur iam grypes equis, aeuoque sequenti cum canibus timidi venient ad pocula dammae (Nysa weds Mopsus! What may we lovers not expect? Soon mares will mate with gryphons, and the time will come when timid hinds go down to drinking pools with hounds).’ Féach Guy Lee (eag.), *The Eclogues* (London, 1984), lgh.86-7.

68 Ó Foghludha, *Amhráin Phiaraís Mhic Gearailt*, lgh.27-8.

Is dubhach liom an smúit seo ar Ghaeil
 Gan súgradh, gan subhchas gan scléip
 Acht prútaigh gan mhúineadh gan mhéin
 Inár ndúchas is túirseach an scéal
 Cé ceannasach iad inár mbailtibh le cian
 Is flatha fé scamall gan aiteas gan mhian
 Do-chífirse geallaim dhuit sceimhle ar na Gallaibh
 Dá ndíbirt thar caladh in ainm an diabhair.

Beidh Séarlas go séanmhar arís
 Mar Shéasar ag éileamh a ríoghacht,
 Is na céadta le p'léar is le claíomh
 Ag déanamh an laochais go binn;
 Beidh L(aoisea)ch, a shlua agus an Rí P(ili)b buan
 Is buíon mhear ó chrích Alban taobh leis go suaic;
 Beidh saoithe na hÉireann le díoltas san spéirling
 Is beidh sceimhle ar an meath-phoc thar tréanmhuir go luath.⁶⁹

Amhrán eile ar an modh céanna is ea 'Ba Riail ag Flaithibh', 'ag leanamhain friotal fíor-mhilis Sheáin Uí Thuama an Ghrinn', dar leis an gceannscríbhinn. Tá cúrsaí go hainnis i measc na nGael arís anso i dtosach ach ní fada a mhairfidh an scéal amhlaidh, dar le Piaras:

Ba riail ag flaithibh a bheith fearúil fáilteach féil
 'San gcric seo tamall, gur leagadh na táinte laoch.
 An fhuíoll bheag mhaireas níl aiteas ná tábhacht 'na gcéill
 Tá Gaeil fé scamall, is Gallaibh go hárd i réim.⁷⁰

Deirtear linn ansan, ámh, go bhfuil 'an tóir thar tuinn ag teacht' agus críochnaíonn an dán leis an dteachtaireacht mhisniúil seo:

Uais gan cháim roimh dháimh an bhrollaigh-ghil
 Is uaisle Fáil go sámh 'na sholas cill.
 Cé cruaidh do chás le spás is le doilbhe,
 Beidh ruaig ar do námhaid is beir sásta soilbhir.⁷¹

Is dócha go nglacfaí leis gurb é 'Rosc Catha na Mumhan' an t-amhrán is mó cáil dar chum an Gearaltach agus is cinnte gurb é an chéad cheann é a rithfeadh le héinne go bhfuil cur amach aige/aici ar fhilíocht Ghaeilge na hochtú haoise déag nó ar thraidisiún na hamhránaíochta i gCúige Mumhan mar, gan amhras, tá 'An Rosc Catha' ar cheann d'amhráin mhóra na Gaeilge.⁷² Dar le Daniel Corkery gur dán é seo atá 'so agile, so decorative in manner that one might easily attribute it to Seán Clárach. In the refrain one hears the beating of the waves against the onward-driving ships that are bringing the Pretender and his forces to the shore'.⁷³ Ba é breithiúnas Phiarais Béaslaí ar an Rosc Catha ná gur seoid é ina

69 Ibid., lgh.41-2.

70 Ibid., lch.26

71 Ibid., lch.27.

72 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.605.

73 Corkery, *Hidden Ireland*, lch.286.

bhfuil ‘draoidheacht ins na foclaibh a chuireann ceol na dtonn agus ceol na gaoithe agus taitneamh gréine ar an bhfairge agus luingeas fé sheol go meidhreac in umhail dúinn’.⁷⁴ Ní dócha go ndéarfadh éinne go raibh áibhéil ar siúl ag ceachtar den mbeirt léirmheastóirí úd, mar is cinnte gur léir do dhuine, ón gcéad léamh fiú, an mhórmheanma agus an t-éirí croí atá á chur in úil ann ó thosach deireadh:

D’ aithníos féin gan bhréag ar fhuacht
 ’S ar anaithe Thétis taobh le cuan,
 Ar chanadh na n-éan go séiseach suairc,
 Go gcasfadh mo Shéasar glé gan ghruaim.

Measaim gur subhach don Mhumhain an fhuaim
 ‘S dá maireann go dubhach de chrú na mbuadh
 Torann na dtonn le sleasaibh na long
 Ag tarraingt go teann ’n-ár gceann ar cuaird.

Tá lasadh ’san ngréin gach lae go neoin;
 Ní taise don ré ní théann fé neoil;
 Tá barra na gcraobh ag déanamh sceoil,
 Nach fada bheidh Gaeil i ngéibheann bróin.

...

Cruinníodh gach duine d’ fhuil Mhíle thréin
 Go ritheann ’na chuisle den bhfíorfhuil braon,
 Do milleadh le dlíthe ’s do crádh le claon,
 Go mbuailfidh sé buille le báire an tséin.⁷⁵

Tá an dóchas céanna le braistint in amhrán an-bhreá eile uaidh go dtugann Breandán Ó Buachalla ‘amhrán ríthaitneamhach meidhréiseach’ air – is é sin ‘A Mhaláí Bheag Ó’. Dar leis go bhfuil ‘cuma an amhráin tíre air idir fhriotal is téamaí’, agus níl aon amhras ná gur ceolmhar agus gur álainn an píosa filíochta é.⁷⁶ Ba é tuairim Bhéaslaí gur dhein an Gearaltach ‘aithris ar shimplidheacht an tseanamhráin, ach baineann sé brígh nua as an ainm. Éire is í “Malaí Bheag Ó”’:

Good Móra is Muire is Pádraig duit, a Mhaláí Bheag ó,
 Mo sceolta bainfid gáire asad, a chuid den tsaol ó,
 Suidh síos, a stór ghil, láimh liom
 Is neosfad duit ré háthas
 Go bhfuil Seoirse ag gol ’s ag gárthaigh, a Mhaláí bheag ó.
 Táid crónphoic cathach cráite, a Mhaláí bheag ó,
 Mar táid slóite d’ fhoirinn Spáinneach, a chuid den tsaol ó,
 Faoi sheol ag teacht ’na dtáinte re cóir go lannach láidir,
 Is beidh coróin ar Ascanius, a Mhaláí bheag ó.⁷⁷

Is é tuairim Bhreandáin Uí Bhuachalla gur ‘cinnte gur i ndiaidh 1746’ a scríobhadh an t-amhrán so: ‘tá cabhair Spáinneach fós á tuar is an choróin fós á

74 Béaslaí, *Éigse Nua-Ghaedhilge ii*, lch.172.

75 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.23-4.

76 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.436.

77 *Ibid.*, lch. 436 agus féach Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lgh.30-31.

geallúint do Ascanius'⁷⁸ – sé sin Séarlas Óg. Mar a tharlaíonn, níl aon fhianaise ann a thabharfadh le fios go mbaineann aon cheann des na dánta so le dáta níos luaithe ná 1746 agus, más fíor gur cuireadh tús le 'Cúirt na mBúrdún' timpeall na bliana 1744, d'fhéadfaí a rá go mb'fhéidir gur thug sé seo spreagadh do Phiaras, mar uachtarán na cúirte, na dánta treascracha, tréasacha so a chumadh.⁷⁹ Cá bhfios dúinn ná gur ag seisiúin na cúirte éigse seo a léadh amach cuid des na dánta treascracha so ós ard don gcéad uair agus cá bhfios dúinn, ach oiread, ná go mbíodh sláinte Shéarlais Óig á hól ag Piaras agus a chomhfilí ag na seisiúin chéanna?

Pé scéal é, is é is dealraithí ná gur scríobhadh formhór na ndánta Seacaibíteacha so Phiarais sa tréimhse chéanna, sé sin sa tréimhse fiche bliain nó mar sin ó c. 1746 – 1766 agus dob fhéidir a thuairimiú gur cumadh roinnt des na haislingí le linn chogadh na seacht mbliain (1756 – 1763) nuair a bhí dóchas i measc an aosa léinn in Éirinn go raibh fórsaí armtha le teacht ón bhFrainc.⁸⁰ Dealraíonn sé gur cumadh dhá cheann acu, ar a bheag timpeall ar dheireadh chaogaidí na haoise nó ina dhiaidh fiú; más amhlaidh, mar shampla, gurb é Seoirse III an Seoirse a luaitear in 'Cormac Óg',⁸¹ mar atá áitithe, d'fhéadfaimis a rá gur i ndiaidh na bliana 1760 a cumadh an aisling áirithe sin.⁸² Ina theannta san, is cosúil gur scríobhadh 'An Caol-Druimeann Óg' timpeall an ama chéanna, sé sin le linn chogadh na seacht mbliain nuair a bhí rudaí ag dul i gcoinnibh na Sasanach, i ndiaidh na bliana 1758 nó mar sin.⁸³ Ar mhí-ámharaí an tsaoil, áfach, níl dátaí luaite le haon cheann de dhánta polaitiúla Phiarais sna lámhscríbhinní taobh amuigh de 'Rosc Catha na Mumhan' go bhfuil an dáta 1750 luaite leis mar dháta cumtha in dhá lámhscríbhinn.⁸⁴

Ar aon nós, is léir gur lean Piaras leis ag cumadh dánta Seacaibíteacha chomh fada le seascaidí na haoise sin; is cinnte go raibh dánta Seacaibíteacha fós á gcóipeáil ag an nGearaltach chomh déanach leis an mbliain 1769 de réir fhianaise a lámhscríbhinne féin fiú mara rabadar fós á gcumadh aige.⁸⁵ Má thuigimidne anois ná raibh aon éifeacht leis an Seacaibíteachas mar ghluaiseacht pholaitiúil i ndiaidh na bliana 1760 nó mar sin, dealraíonn sé nárbh é sin an dearcadh a bhí ag aos léinn na Gaeilge ag an am agus ar feadh i bhfad ina dhiaidh san.⁸⁶ Agus pé ní

78 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.436.

79 Féach nóta 3 thuas.

80 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lgh.436-8.

81 Ibid., lch.645.

82 Ibid., lch.440; cf. Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause*, lch.435.

83 Ibid., lgh.344-5.

84 Is iad an dá lámhscríbhinn ina bhfuil an dáta so luaite ná ARÉ 24 C 55 (19ú haois), lgh.218-9 agus ARÉ 24 L 12 (1856/7), lgh.214-6. Fiú amháin ansan, d'fhéadfaí amhras a chaitheamh ar an ndáta so; dob í sin an bhliain inar ghlac Séarlas Eadbhard leis an Anglacánachas – rud, ba dhóigh le duine, ná cuirfeadh ardáthas ar Phiaras; cf. Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause, 1685 -1766*, lch.434.

85 Féach nóta 13 thuas.

86 Ó Buachalla, *Aisling Ghéar*, lch.440. Mar le cuntas ar chleachtadh na haislinge i bhfilíocht na Gaeilge sa naoú haois déag (Iasmuigh den dtraidisiún scríte) féach Meidhbhín Ní Úrdail, 'Máire Bhuí Ní Laoghaire: File an 'Rilleadh Cainte'', *Eighteenth Century Ireland*, 17 (2002), lgh.146-156.

a déarfaimis i dtaobh dhátaí cumtha na ndánta so is léir, dar liom, i bhfianaise a bhfuil feicthe againn dá chuid filíochta anso, gur fhile Seacaibíteach go smior ab ea Piaras.

Mar sin féin, tugann sé cúpla leid dúinn ina lámhscríbhinn féin a thugann le fios go mb'fhéidir gur chaill sé dóchas le himeacht ama nuair ba léir dó ná beadh an chabhair go rabhthas ag súil léi ag teacht agus ná raibh aon tslánú i ndán dos na Gaeil. Is maith a thuigfeadh a leithéid é seo tar éis chogadh na seacht mbliain agus, go háirithe, b'fhéidir, nuair a dhiúltaigh an Pápa Séarlas Óg a aithint mar chomarba ar a athair, Séamas III, sa bhliain 1766.⁸⁷ I lámhscríbhinn seo an Ghearlaigh, gur thagraíos di roimis seo, dhein Piaras cóip de dhán de chuid Seán Lloyd, 'Stiúraigh le Cúnamh an Dúilimh',⁸⁸ amhrán Seacaibíteach eile ina labhartar fés na Gaeil a bheith á saoradh agus fé 'caomhchlanna Mílidh' bheith 'go meidhreach ar só'. Tar éis dó an dán a chóipeáil tá an méid seo scríte ag Piaras féna bhun: 'Is iomdha glór díobhaoin a cceann an tí a chomm an t-abhrán so is go bhfóire Dia air gan chiall'.⁸⁹ Ina theannta san, agus gan ach cúpla leathanach ina dhiaidh san, dhein sé cóip d'amhrán Seacaibíteach eile, 'Is déarach an bheart do Chéile Ghil Airt'⁹⁰ le Liam Inglis, agus is é atá le rá aige mar gheall ar Inglis ina dhiaidh ná: 'Ná rabhad-sa im' rígh air Éire go mbiadh san mar san agus go dtuga Dia ciall don leath-éarladh dúirt an duanóg, ós é Uilliam English é'.⁹¹

Ba dhóigh le duine ón méid seo, b'fhéidir, go raibh an Gearaltach ag tabhairt le fios gurbh fhánach an cúram do dhuine bheith ag cumadh, nó ag cóipeáil, dánta Seacaibíteacha agus fios aige go raibh deireadh leis an Seacaibíteachas mar ghluaiseacht réalaíoch pholaitiúil. D'fhéadfaí a áiteamh, gan dabht, go dtugann an dá ráiteas ghearra so léiriú an-mhaith dhúinn ar mheon Phiarais an uair úd – sa bhliain 1769 – ach is ceart a rá, ag an am gcéanna, go bhféadfaimis an iomad béime a chur orthu mar fhianaise nuair a chuimhnímid ar na dánta Seacaibíteacha ar fad a d'fhág an Gearaltach ina dhiaidh.⁹² Ní fhéadfadh aon dabht a bheith ann, dar liom, ná go dtugann fianaise na filíochta so le tuiscint dúinn gurb é an Seacaibíteachas an fórsa agus an fhoinsé inspioráide ba mhó a bhí ag Piaras ar feadh i bhfad.

Conclúidí

Is i measc mhionfhillí Gaeilge na hochtú haoise déag a d'áirigh Daniel Corkery Piaras Mac Gearailt ach ní fhéadfadh aon dabht a bheith ann i dtaobh a stádais i

87 Ó Ciardha, *Ireland and the Jacobite Cause*, lch.365.

88 Tá an dán so in eagar in Úna Nic Éinrí, *Canfar an Dán* (An Daingean, 2003), lgh.158-9.

89 Má Nuad M 58 (a) lch. 24; cf. Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad, Fascúl iii*, lch. 26; cf. Nic Éinrí, *Canfar an Dán*, lch.294.

90 In eagar in Nic Éinrí, *Canfar an Dán*, lch.118.

91 Má Nuad M 58 (a) lch. 24; cf. Ó Fiannachta, *Lámhscríbhinní Gaeilge Choláiste Phádraig Má Nuad, Fascúl iii*, lch. 26; cf. Nic Éinrí, *Canfar an Dán*, lch.236.

92 D'fhéadfaí a rá ná fuil againn san dá ráiteas ghearra so ach éachtaint ar mheon spráúil Phiarais ach is cinnte go mbeadh tuiscint mhaith aige ar a raibh ag tarlúint ó thaobh na polaitíochta san Eoraip ag an am agus go dtuigfeadh sé go raibh deireadh ré tagtha.

measc a phobail féin, pobal na nGael, lena linn féin. Duine d'uaisle na Sean-Ghall ab ea é a d'fhéadfadh a ghinealach a rianadh siar na céadta bliain fé mar atá feicthe againn. Ina theanta san, file ab ea é: 'Ardsirriam Leithe Mogha' nó 'Chief Poet of Munster', mar a mhíníonn Corkery an teideal san, agus ná dearúdaimis gur scríobhaí ab ea é chomh maith céanna, cé ná fuil tagtha slán chughainn óna láimh ach an t-aon lámhscríbhinn amháin.⁹³ D'fhéadfaimis talamh slán a dhéanamh de, dar liom, gur fhéach Piaras air féin mar dhuine den uasaicme agus nuair a chaoin sé titim na n-uaisle is ag caoineadh a cháis féin a bhí sé i ndáiríribh:

I mbearnain chruaidh na suadh ba shámh ba thréan,
 Ón ráith anuas ba dhual bheith sármhaith, saor
 Mo chás! Mo nuair! Na huaisle ar fán go faon!
 D'fhág táinte ar bhuaire go fuar is Pádraig tréith.⁹⁴

Bhí an-chuid cailte ag na Gearaltaigh lenar bhain Piaras ón seachtú haois déag ar aghaidh agus nuair a cuireadh iachall ar Phiaras é féin a chreideamh a iompú, chun go bhféadfadh sé seilbh a choimeád ar a raibh de thalamh aige, is cinnte gur ghoill sé go mór air. Fear ab ea é go raibh creideamh an-láidir aige mar is léir óna chuid filíochta agus is cinnte gur fhág an t-eachtra so a rian air. Ní foláir nó gurbh é an t-eachtra so a chothaigh a dhearcadh seicteach i leith na nua-uaisle Protastúnacha mar níl aon amhras ná go bhfuil seicteachas an-láidir le sonrú ar roinnt mhaith den bhfilíocht a chum sé ina dtaobh. Tá an dearcadh seicteach so le feiscint i roinnt mhaith des na dánta atá pléite thuas; dánta ar nós 'Squire Geal Freeman', 'A Chogar, a Charaid', 'Sceithfead mo Chlaonbhearta' agus na dánta binbeacha úd a scrígh sé ar na sagairt a d'iompaigh ina ministrí Protastúnacha. Gan dabht, tá an dearcadh céanna le fáil ina chuid dánta Seacaibíteacha chomh maith agus cé gurb é gnáthfhoclóir na Seacaibíteach Gaelach a úsáideann sé agus d'fírt na nGall á tuar aige is fuirist a shamhlú gur ag labhairt óna chroí amach atá sé nuair a labhrann sé ar 'cor-bhodaigh', 'béaraibh', 'daor-ghruig an éithigh' 's an aimhlis', 'danair gan áthas' 'meath-phoic', 'gallaphoic', 'prútaigh gan mhéin' agus 'crónphoic' a bheith 'dá dtraochadh' 's dá ndíbert'.

Ní dóigh liom, i ndáiríribh, gur féidir an pholaitíocht Sheacaibíteach ina chuid filíochta a scarúint óna dhearcadh ar chúrsaí creidimh agus ar na nua-uaisle Protastúnacha agus is féidir a rá gur spreag an Seacaibíteachas é chun na dánta is fearr dá chuid a chumadh an fhaid is a bhí dóchas aige as an Stíobhartach. Tá roinnt des na dánta so, dánta ar nós 'Rosc Catha na Mumhan', 'A Mhaláí Bheag Ó', 'An Caol Druimeann Óg', 'An Gheallúin' agus 'Cormac Óg' le háireamh i measc scothdhánta Seacaibíteacha na hochtú haoise déag, dar liom. Ní bhíonn aon dabht orainn riamh, agus sinn ag léamh na ndánta so, i dtaobh na teachtaireachta polaitiúla a fhaighimid iontu agus is cinnte ná beadh aon amhras ar lucht léite/éisteachta Phiarais san ochtú haois déag ina taobh ach oiread.

93 Corkery, *The Hidden Ireland*, lch.282.

94 Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.26.

Reitric agus idé-eolaíocht an tSeacaibíteachais a thiomáineann na dánta so ar fad agus teachtaireacht shoiléir an tSeacaibíteachais a bhíonn le léamh iontu. Teachtaireacht an-simplí is ea í sin i gcónaí; teachtaireacht dhóchasach a deireann go bhfillfidh an rí ceart, go ruaigfear na Gaill agus go saorfar na Gaeil in Éirinn:

Beidh Clanna na nGael – is Gallaibh go faon
Dá leagadh, dá dtreascairt, is dá gcaismirt le faobhar;
Beidh aoibhneas is ceol againn, fionta dá n-ól againn
'S an Rí ceart 'na choróin, agus Seóirse gan tréad.⁹⁵

Dob fhéidir a rá, i bhfianaise a bhfuil feicthe againn, gur chaill Piaras an mhuinín seo a bhí aige as Séarlas Óg le himeacht na mblianta ach, mar sin féin, is ar éigean gur chaill sé a dhóchas ar fad; mar fhear mór creidimh is dócha go raibh muinín éigin aige ar feadh i bhfad go raibh slánú i ndán dos na Gaeil agus sa mhéid sin is fiú a lua anso gur scrígh sé a leagan féin den ndán cáiliúil úd 'Cé hé sin Amuigh?' nó 'Éamonn an Chnoic'. Sa dán so cuireann sé a lánmhuinín i nDia na Glóire agus, dar leis, má bhí teipthe ar Shéarlas Óg ní theipfeadh ar Dhia teacht ag fóirithint ar na Gaeil:

Níl baol ort anois; tá Aon-mhac na cruinne
Is ár naomh-bhruinneal Muire taoibh leat,
Réidhfídh gach bruid is géibheann 'na bhfuilir
Gléasfaidh ar muir na mílte.
Beidh saorchlanna Scuit, beidh Gaeil bhochta ar inneall
Go faobhrach fuilteach fírgylic,
Séidfear thar sruith na bréan-toirc le bruid
Gan éadach ná cuid na hoíche.⁹⁶

Is fíor, gan dabht, gur dhein mórán filí Seacaibíteacha a gcuid féin den amhrán reibiliúnach so ón seachtú haois déag ar aghaidh agus dob fhéidir a áiteamh, chomh maith, nach iarracht dhéanach dá chuid é agus gur uair éigin go luath tar éis chath Chúil Odair a chum sé é.⁹⁷ Ar a shon san is uile, áfach, is dóigh liom go bhfuil tábhacht ag baint leis an leagan so sa mhéid is go dtugann sé an-léiriú dhúinn ar mheon Phiarais mar fhear mór creidimh agus d'fhéadfaí a áiteamh gurb é an creideamh díongbháilte seo, cuid mhaith, atá laistiar den ndóchas a bhraitear ar a chuid dánta Seacaibíteacha. Má tá an chuma ar an scéal gur theip ar a mhisneach agus ar a dhíograis pholaitiúil i dtreo dheireadh seascaidí na haoise is ar éigin gur tháinig aon lagadh ar an gcreideamh láidir seo a bhí aige le himeacht na mblianta – ná ar an ngráin dearg a bhí aige ar an bProtastúnachas agus gach ar bhain leis.⁹⁸ Ach bíodh sin mar atá agus cé gur mhair Piaras go dtí timpeall na

95 Ibid., lgh.41-2.

96 Ibid., lch.104.

97 Féach Nic Éinrí, *Canfar an Dán*, lch.218.

98 Dealraíonn sé, mar shampla, gur scrígh Piaras an barantas binbeach úd ar Dhiarmuid Ó hAirt timpeall na bliana 1774 nó mar sin ach má léiríonn sé seo go raibh an ghráin dearg aige ar Phrotastúnaigh i gcónaí níl aon lua ar an bpolaitíocht

bliana 1795 nó mar sin, agus é gníomhach i mbun ghnó na cúirte éigse i gcónaí, ba dheacair a shamhlú go mbeadh mórán dóchais aige sna blianta deireanacha dá shaol go gcuirfeadh ‘Aon-mhac na cruinne’ ná aon tslánaitheoir eile ‘ar muir na mílte’ chun fóirithint ar na Gaeil.⁹⁹

99 Is iad na línte is déanaí atá againn uaidh, is cosúil, ná na línte a scrígh sé i mí Iúil na bliana 1791 nuair a bhronn sé pas ar Uilliam Ó Troighthe áirithe tráth go raibh sé ‘lágbhríoghach claidhte, gan puinn treoir ná tapadh’ ach é fós ábalta ar ghnó na cúirte éigse a riaradh (Ó Foghludha, *Amhráin Phiarais Mhic Gearailt*, lch.106).